Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10960 – EPPE / PZEM SUBSIDIARIES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 417/12)

1. An 20 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— EP Power Europe, a.s. ("EPPE", Poblacht na Seice), faoi úinéireacht Ghrúpa EPH (Poblacht na Seice),

— PZEM Energy Company B.V. ("PEC") agus a fhochuideachtaí (a) Sloe Centrale Holding B.V. ("SCH"), (b) Sloe Centrale B.V. ("SCBV") agus (c) PZEM Tolling Sloe B.V. ("PZEM TOLLING"), agus PZEM Pipe B.V. ("PZEM PIPE") (is san Ísiltír atá siad uilig), faoi úinéireacht iomlán agus faoi rialú PZEM Ficus nó faoi chomhúinréireacht agus faoi chomhrialú PZEM Ficus agus EDF International.

Gheobhaidh EPPE rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar PEC, SCH, SCBV, PZEM TOLLING and PZEM PIPE ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá EPPE (Poblacht na Seice) faoi úinéireacht Ghrúpa EPH. Is fóntas fuinnimh atá comhtháite go hingearach é Grúpa EPH a dhéanann roinnt gníomhaíochtaí mar shampla, mianadóireacht ligníte, leictreachas agus teas a tháirgeadh, a dháileadh agus a sholáthar, chomh maith le gás a tharchur, a dháileadh, a stóráil agus a sholáthar,

— PZEM Energy Company B.V. ("PEC") agus a fhochuideachtaí (a) Sloe Centrale Holding B.V. ("SCH"), (b) Sloe Centrale B.V. ("SCBV") agus (c) PZEM Tolling Sloe B.V. ("PZEM TOLLING"), agus PZEM Pipe B.V. ("PZEM PIPE") (is san Ísiltír atá siad uilig), tá siad gníomhach in earnáil an fhuinnimh agus earnáil an gháis.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10960 – EPPE / PZEM SUBSIDIARIES

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË